# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

## LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL
**(300 marc)**

DÉ hAOINE, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí **SÉ CHEIST** a freagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## Grúpa I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) (a) Déan cur síos ar conas mar a tharla gur ghabh agus gur neartaigh na hAithnigh Pulas sa bhliain 425 R.Ch. (15)

(b) Tabhair cuntas ar conas mar a fuair na hAithnigh an lámh in uachtar ar na Spartaigh ar oileán Sfaictéiria. (25)

(c) Cad iad na slite a raibh tionchar ag an mbua seo ar chúrsa Chogadh na Peilipinéise? (10)

(ii) Ba chomhghuaillithe dílse leis an Aithin iad muintir Phlatae. Tabhair breac-chuntas ar ar tharla do mhuintir Phlatae le linn chúrsa Chogadh na Peilipinéise. (50)

(iii) Sa bhliain 416 R.Ch. tháinig arm ón Aithin i dtír ar oileán Mhéileas. Sular thug siad fogha faoi mhuintir Mhéileas, d'fhéach na hAithnigh le hidirbheartú leo chun go ngéillfidís.

(a) Cé na hargóintí a d'úsáid na hAithnigh d'fhonn a chur ina luí ar mhuintir Mhéileas géilleadh? (20)

(b) Cé na frithargóintí a bhí ag muintir Mhéileas? (20)

(c) An dóigh leat go raibh argóintí bailí ag na hAithnigh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) Sa bhliain 415 R.Ch. rinne Nicias agus Alcaibiaidéas díospóireacht os comhair Chomhthionól na hAithne faoi shluaíocht armáilte a sheoladh go dtí an tSicil.

(a) Ón léamh atá déanta agat ar an díospóireacht, cén tuairim atá agat de charachtair Nicias agus Alcaibiaidéis? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (40)

(b) Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí a rinne Nicias sa díospóireacht in aghaidh na sluaíochta go dtí an tSicil. (10)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Sa bhliain 335 R.Ch. chuir Alastar cathair na Téibhe faoi léigear. Tabhair cuntas ar an léigear. (20)

(b) Conas a chaith Alastar le muintir na Téibhe nuair a ghabh sé an chathair? (15)

(c) Cad é a insíonn an eachtra seo dúinn faoi charachtar Alastair? (15)

(ii) Sa bhliain 333 R.Ch. casadh arm Alastair agus arm Dháirias ar a chéile den chéad uair ag abhainn an Iseas.

(a) Déan cur síos ar chúrsa an chatha. (35)

(b) Cad é a d'fhoghlaim tú faoi Alastar óna iompar le linn an chatha agus ina dhiaidh? (15)

(iii) (a) Mínigh cén fáth a ndeachaigh na Macadónaigh chun ceannairce in Opis sa bhliain 324 R.Ch. (10)

(b) Tabhair cuntas ar an óráid a thug Alastar dá thrúpaí in Opis. (25)

(c) Cad é a insíonn an eachtra seo dúinn faoi chaidreamh Alastair lena chuid Macadónach? (15)

(iv) (a) Cad iad na príomhlochtanna a bhí ar Alastar, dar leat? (20)

(b) An aontaíonn tú go raibh Plútarc agus Airrianas araon ró-thrócaireach agus iad ag plé le lochtanna Alastair? Déan tagairt don **dá** théacs ar do chúrsa mar thacaíocht le do fhreagra. (30)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Cén fáth dar leat ar bhris cogadh cathartha amach sa Róimh sa bhliain 49 R.Ch.? Déan tagairt don leabhar *Beathaí* le Plútarc mar thacaíocht le do fhreagra. (25)

(b) Déan anailís ar na cúiseanna ar bhuaigh Caesar an Cogadh Cathartha. (25)

(ii) Ón léamh atá déanta agat ar a dhánta, cad a d'fhoghlaim tú faoin dearcadh a bhí ag Catullus ar an ngrá, ar an gcairdeas agus ar an teaghlach? (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar an bpáirt a ghlac Cató sa saol polaitiúil i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. (35)

(b) An duine inmholta é Cató, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) Sa sliocht *Rialtas* le Cicearó, pléann Scipio an mhonarcacht, an olagarcacht agus an daonlathas.

(a) Tabhair breac-chuntas ar bheachtaíocht Scipio ar **gach** ceann de na saghsanna rialtais seo. (35)

(b) Cén saghas rialtais is fearr le Scipio agus cé na cúiseanna a thugann sé lena rogha? (15)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Cén fáth, dar leat, ar cheap Ágastas go raibh tábhacht ag baint le cluichí agus siamsaíochtaí poiblí a chur ar fáil? (15)

(b) Déan cur síos ar na cluichí agus ar na siamsaíochtaí a chuir Ágastas ar fáil do mhuintir na Róimhe. (35)

(ii) "Chuir an chéad scéala faoina bhás an oiread sin gliondair ar dhaoine sa Róimh go ndeachaigh siad ag rith thart agus iad ag béicíl 'don Tibir le Tibir'." (*An Dáréag Caesar* le Séatóinias)

Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna atá leagtha síos, an dóigh leat go raibh aon údar leis an gcaoi ar fhreagair na Rómhánaigh dá bhás? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar na cúinsí ina ndearnadh Impire na Róimhe de Chláidias. (15)

(b) An dóigh leat go raibh riail Chláidias ar leas na Róimhe agus na hImpireachta? Déan thagairt do na téacsanna atá leagtha síos mar tacaíocht le do fhreagra. (35)

(iv) Sa bhliain AD 64 scriosadh chuid mhaith den Róimh i ndóiteán.

(a) Tabhair cuntas ar Thine Mhór na Róimhe. (30)

(b) Cad é do thuairim ar iompar Néaró le linn na heachtra seo? (20)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) Cé gur dráma greannmhar é *Froganna*, is dráma dáiríre é chomh maith.

Déan plé ar an dearcadh seo ar an dráma *Froganna* le hArastafainéas, agus déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) Déan plé ar ról an Chóir sa dráma *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas. (50)

(iii) Tá ról na mban sa tsochaí lárnach sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas.
Déan plé ar an ráiteas seo agus déan tagairt don dráma i do fhreagra. (50)

(iv) (a) Cé na cúinsí a thugann ar Éideapús fios a chur ar Thiresias sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas? (10)

(b) Déan cur síos ar an teagmháil idir Tiresias agus Éideapús sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (25)

(c) Cad é a thaispeánann an teagmháil seo faoi charachtar Éideapús? (15)

---

**Topaic 6. An Epic Ársa.**

(i) Tá an Bhanríon Mebh sa *Táin* níos ceannasaí agus níos cumhachtaí ná Péinealaipé san *Odaisé.*

Déan plé ar an tuairim seo, agus déan tagairt don dá epic mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) Is laoch é Aeinéas ar éasca urraim a bheith againn dó ach ar deacair gean a thabhairt dó.

Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat don *Aeinéid.* (50)

(iii) Déan plé ar an tuairim go bhfuil gné den bhoige ag baint leis an gcur síos ar an bhforéigean agus ar an mbás san *Aeinéid* le Veirgil nach bhfuil le fáil san *Odaisé* le Hóiméar. (50)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar an *Odaisé*, an aontaíonn tú gur cheannaire mór fear ba ea Odaiséas?
Bain úsáid as an téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) In *An Domhan Thíos* le Veirgil, conas a chruthaíonn an file atmaisféar an uafáis agus na gruaime? (35)

(b) An mbraitheann tú go bhfuil cur síos Veirgil ar na hanamacha ag abhainn an Stiocs corraitheach? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) Tá féith an ghrinn ar na tréithe is mó a bhfuil meas againn orthu in *Aortha* Horáit.
Déan plé ar an ráiteas seo agus déan tagairt do *An Turas go Bruindísiam, An Leadránaí,* agus *Luch an Bhaile Mhóir agus an Luch Tuaithe* mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) Déan comparáid agus codarsnacht idir dearcadh Óivid agus dearcadh Phroipeirtias i leith an ghrá. (50)

(iv) (a) Ó chuntas Livias, déan cur síos ar an gcaoi ar shábháil Horatius agus a bheirt chompánach an Róimh in *Horatius ar an Droichead.* (30)

(b) Cén cuspóir, dar leat, a bhí ag Livias agus an scéal seo á insint aige? (10)

(c) Déan trácht ar thréithe Livias mar scéalaí agus *Horatius ar an Droichead* á úsáid agat. (10)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) (a) Cén cineál vása a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**? (5)

(b) Cén fheidhm a bhí le vásaí dá leithéid? (10)

(c) Cén t-ionad potaireachta as a dtagann an vása seo? (10)

(d) Cad iad na gnéithe den vása seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla de vásaí ón ionad seo? (25)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** atógáil d'fhoirgneamh cáiliúil san Aithin.

(a) Ainmnigh an foirgneamh a léirítear agus abair cá háit a bhfuil sé suite san Aithin. (10)

(b) Déan cur síos ar dhearadh agus ar mhaisiúchán an fhoirgnimh, ag baint úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta. (30)

(c) Cé na hábhair a úsáideadh chun an struchtúr seo a thógáil agus a mhaisiú? (10)

(iii) (a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa dealbhóireacht a léirítear i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Ainmnigh an tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an rilíf seo. (5)

(c) Déan trácht ar an gcomhdhéanamh agus ar an tuiscint don pheirspictíocht sa rilíf seo. (20)

(d) Déan trácht ar láimhseáil na héadaitheoireachta sa rilíf seo. (15)

(iv) (a) Ainmnigh an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cén eachtra as Cogadh na Traí a léirítear anseo? (10)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(d) Cad iad na gnéithe den dealbh seo atá ina n-eiseamláirí tipiciúla den tréimhse seo sa dealbhóireacht Ghréagach? (30)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar samhail an Chaptaein Mhara agus ar shamhail an Ainmhí Mhóir Chumhachtaigh. (30)

(b) Cad é a insíonn an dá shamhail seo dúinn faoi dhearcadh Phlatón ar an daonlathas? (20)

(ii) Sa réamhrá leis an leabhar *An Phoblacht* le Platón, fiafraíonn Sócraitéas de Cephalus an bhfuil deacracht ag baint leis an tseanaois nó na*ch bhfuil.*

(a) Tabhair breac-chuntas ar an bhfreagra a thugann Cephalus ar cheist Shócraitéas. (20)

(b) Cén buntáiste a baineann le bheith saibhir agus an bás ag druidim leat, dar le Cephalus? (15)

(c) Cén tuairim atá agat de dhearcadh Cephalus faoin mbuntáiste a bhaineann le bheith saibhir agus an bás ag druidim leat? (15)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a thugann Platón ina *Seachtú Litir* faoi dhul go Sioracús den chéad uair. (30)

(b) Déan achoimre ar an gcomhairle a thugann Platón sa litir seo do lucht leanúna Dhíón. (20)

(iv) "Ansin fágtar muid leis na cineálacha difriúla amhránaíochta agus ceoil a phlé." (*An Phoblacht* le Platón)

(a) Tabhair breac-chuntas ar dhearcadh Phlatón ar ról an cheoil ina oideachas idéalach. (40)

(b) An aontaíonn tú le Platón nuair a thugann sé cúl le cineálacha áirithe ceoil? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean de bhaile Ostia.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag aa, d, e, f agus g. (15)
(b) Ó chuntas Wheeler, cén fhianaise atá ann gurbh é Ostia calafort na Róimhe? (15)
(c) Déan cur síos ar na cineálacha tithe a bhí le fáil in Ostia. (10)
(d) Déan cur síos ar an bhfóram in Ostia. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** plean de na Folcadáin Stáibiacha i bPoimpé. Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** plean d'Fholcadáin Haidrian in Lepcis Magna**.**

(a) Agus an dá phlean in úsáid agat, déan comparáid idir na Folcadáin Stáibiacha agus Folcadáin Haidrian. (30)
(b) Déan cur síos ar an gcóras teasa tipiciúil a bhíodh in úsáid sna folcadáin Rómhánacha. (10)
(c) Déan trácht ar an bhfeidhm a baineadh as an folcadáin i saol sóisialta na Rómhánach. (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád den cheannaire Aithneach, Peiricléas. Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád de Philib Arabach, Impire na Róimhe.

(a) Déan trácht ar na difríochtaí stíle idir an dá dhealbh seo. (20)

(b) Agus tagairt á déanamh agat do na dealbhóireachtaí portráide ar do chúrsa, déan plé ar a gcuireann Wheeler síos air mar "spéis réadúil na Rómhánach sa phearsantacht". (30)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** péintéireacht ó Theach na Dioscuri i bPoimpé.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phéintéireacht seo. (15)
(b) Cén rud is díol spéise faoi cheann Aichill sa phéintéireacht seo, dar le Wheeler? (10)
(c) Cén chaoi a bhfuil gníomhaíocht agus drámaíocht an radhairc curtha in iúl ag an bpéintéir? (25)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán